Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11097/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0227 (NLE)**

**AGRI 537**
**AGRIORG 84**
**OIV 3**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 407 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 407 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 407 annex

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 29.7.2026
COM(2026) 407 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV)**

## IARSCRÍBHINN

Na Ballstáit den Aontas atá ina gcomhaltaí den Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV), ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais, tacóidh siad leis na dréachtrúin seo a leanas ag céim 7 le linn Thionól Ginearálta OIV atá beartaithe don 16 Deireadh Fómhair 2026, agus beidh an tacaíocht sin faoi réir aon athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar bhonn forbairtí nua:

– OENO-MICRO 20-669A: Cobhsú micribhitheolaíoch úrfhíona le réimsí leictreacha bíogacha;

– OENO-MICRO 20-669B: Cobhsú micribhitheolaíoch fíonta le réimsí leictreacha bíogacha;

– OENO-TECHNO 14-540B: Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha le haghaidh fíon páirt-dhí-alcólaithe, faoi réir na tuisceana gur cheart an roinn maidir le 'Milsiú' agus go háirithe an Sainmhíniú 'Milseoirí a chur le fíon dí-alcólaithe' a léirmhíniú mar ní atá teoranta do na táirgí a liostaítear in 'Oideasú';

– OENO-TECHNO 14-544: Cóireáil le polaidémheitilsiolocsán - cód idirnáisiúnta na gcleachtas fíoneolaíoch a thabhairt cothrom le dáta;

– OENO-TECHNO 20-672A: Cóireáil le silice mhéiseapóiriúil fheidhmiúil chun úrfhíonta a chobhsú ó thaobh próitéine de;

– OENO-TECHNO 21-706: Comhad 3.3.13 'Cóireáil fíonta le mannapróitéiní giosta' a thabhairt cothrom le dáta;

– OENO-TECHNO 23-730: Teorainn aigéid shorbaigh i bhfíon;

– OENO-TECHNO 23-734: Cóireáil úrfhíona ghil le coirníní stiréine-dévinilbeinséine asúiteacha chun comhdhúile polaifeanólacha atá freagrach as donnú a dhíothú;

– OENO-TECHNO 23-735: Cóireáil fíona ghil le coirníní stiréine-dévinilbeinséine asúiteacha chun comhdhúile polaifeanólacha atá freagrach as donnú a dhíothú;

– OENO-TECHNO 25-761: Comhad 3.4.21 'Músclóirí coipthe mhalalachtaigh' a thabhairt cothrom le dáta;

– OENO-SPECIF 21-695: Monagraf maidir le roisíní crágtha stiréine-dévinilbeinséine le feidhmghrúpa imínidé-aicéiteach;

– OENO-SPECIF 23-727: Monagraf maidir le haigéad citreach a thabhairt cothrom le dáta;

– OENO-SCMA 24-754: Modh anailíse chun an cóimheas iseatópach strointiam (87Sr/86Sr) i bhfíonta a chinneadh (Modh de chineál IV);

– SECSAN-SECUAL 23-722: Aicmiú tainniní fíoneolaíocha mar bhreiseán nó mar áis phróiseála a thabhairt cothrom le dáta.

Na Ballstáit den Aontas atá ina gcomhaltaí den Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV), ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais, tacóidh siad leis an dréachtrún seo a leanas ag céim 7 le linn Thionól Ginearálta OIV atá beartaithe don 16 Deireadh Fómhair 2026 má chomhlíontar an coinníoll a chuirtear in iúl, agus sa chás sin amháin, agus beidh an tacaíocht sin faoi réir aon athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar bhonn forbairtí nua:

– OENO-TECHNO 14-540A: baintear an chóireáil shonrach ‘6.34 Gliocról a chur leis’ de théacs an rúin.